

Treoirlínte

Ar fhoirmeacha, formáidí agus teimpléid chaighdeánacha chun iarratas a dhéanamh ar chead chun bonneagar marcaidh DLT a oibriú

Clár Ábhar

I. Raon feidhme.....	3
II. Tagairtí reachtacha, giorrúcháin	4
III. Cuspóir	6
IV. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe.....	7
V. Treoirínte ar fhoirmeacha caighdeánacha, formáidí agus teimpléid chun iarratas a dhéanamh ar cheadanna sonracha chun DLT MI a oibriú	8
VI. Iarscríbhinn leis na Treoirínte	11

I. Raon feidhme

Cé atá i gceist?

1. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le húdaráis iniúla mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(21) de Rialachán (AE) 2022/858 agus maidir le hiarratasóirí ar cheadanna sonracha chun bonneagair mhargaidh DLT a oibriú mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2022/858 (MInna DLT).

Céard atá i gceist?

2. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le foirmeacha, formáidí agus teimpléid chaighdeánacha, atá le húsáid chun faisnéis a chur isteach chun iarratas a dhéanamh ar aon chead sonracha chun DLT MI a oibriú, eadhon: Saoráid Trádála Iltaobhach DLT (DLT MTF), Córas Socraíochta DLT (DLT SS) agus Córas Trádála agus Socraíochta DLT (DLT TSS), mar a cheanglaítear le hAirteagail 8 go 10 de Rialachán (AE) 2022/858 faoi seach.

Cathain?

3. Beidh feidhm leis na treoirlínte ón 23 Márta 2023.

II. Tagairtí reachtacha, giorrúcháin

Tagairtí reachtacha

*Rialachán Tarmligthe
(AE) 2017/394*

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/394 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2016 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a mhéid a bhaineann le foirmeacha caighdeánacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha maidir le húdarú, athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar thaisclanna lárnacha urrús, maidir le comhar idir údaráis an Bhallstáit baile agus údaráis an Bhallstáit óstaigh, maidir le dul i gcomhairle leis na húdaráis a bhfuil baint acu leis an údarú chun seirbhísí coimhdeacha baincéireachta a sholáthar, maidir le rochtain a bhaineann le taisclanna lárnacha urrús, agus maidir le formáid na dtaifead atá le coinneáil ag taisclanna lárnacha urrús i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 65, 10.3.2017, lch. 145)

Treoir 2014/25/AE

Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349) (MiFID II)

*Rialachán (AE) Uimh.
600/2014*

Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (lch. 84 -148) (MiFIR)

*Rialachán (AE) Uimh.
909/2014*

Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257 28.8.2014. lch. 1) (CSDR)

*Rialachán ESMA nó
Rialachán (AE) Uimh.
1095/2010*

Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

*Rialachán (AE) Uimh.
2022/858*

Rialachán (AE) 2022/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014 agus Treoir 2014/65/AE (IO L 151, 2.6.2022, lch. 1) (DLTR)

Giarrúcháin

<i>DLT</i>	Teicneolaíocht Mórleabhar Dáilte
<i>AE</i>	An tAontas Eorpach
<i>CEMA</i>	An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais
<i>DLT MI</i>	Bonneagar Margaidh DLT
<i>DLT MTF</i>	Saoráid Trádála Iltaobhach DLT
<i>DLT SS</i>	Córas Socraíochta DLT
<i>DLT TSS</i>	Córas Trádála agus Socraíochta DLT
<i>EIOPA</i>	An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde
<i>ESMA</i>	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí
<i>ÚBE</i>	An tÚdarás Baincéireachta Eorpach

III. Cuspóir

4. Tá na treoirlínte seo bunaithe ar Airteagal 16(1) de Rialachán ESMA agus ar Airteagail 8(5), 9(5) agus 10(6) de Rialachán (AE) 2022/858.
5. Is é is cuspóir leis na treoirlínte seo cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh de CEMA agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach d'Airteagail 8(4), 9(4) and 10(4) de Rialachán (AE) 2022/858 a áirithiú. Go háirithe, tá sé mar aidhm acu foirmeacha caighdeánacha, formáidí agus teimpléid chaighdeánacha a bhunú chun iarratas a dhéanamh ar cheadanna sonracha chun bonneagair mhargaidh DLT a oibriú.
6. I dteannta na faisnéise atá luaite sna Treoirlínte seo, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/858, meabhraítear d'iarratasóirí ar chead sonracha DLT MTF, DLT SS nó DLT TSS a oibriú go bhféadfadh go mbeadh orthu tuilleadh faisnéise a chur i láthair go comhuaineach chun iarratas a dhéanamh mar thaisclann lárnach urrús nó mar ghnólacht infheistíochta nó chun margadh rialáilte a oibriú nó chun comhlíonadh Threoir 2014/65/AE nó Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a léiriú (féach Airteagal 8(3), 9(3) agus 10(3) agus (5) de Rialachán (AE) 2022/858). Níl faisnéis bhreise dá leithéid clúdaithe sna Treoirlínte seo.

IV. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte

7. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte seo a chomhlíonadh.
8. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

Ceanglais tuairiscithe

9. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) atá na treoirlínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ach é beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh.
10. I gcás neamhchomhlíonadh, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte a chomhlíonadh.
11. Tá teimpléad le haghaidh fógra a thabhairt ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Nuair a bheidh an teimpléad líonta isteach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.
12. Ní cheanglaítear ar ghnólachtaí a thuairisciú cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.

V. Treoirlínte ar fhoirmeacha caighdeánacha, formáidí agus teimpléid chun iarratas a dhéanamh ar cheadanna sonracha chun DLT MI a oibriú

Treoirlíne 1: Treoracha na n-údarás inniúil maidir le cur i bhfeidhm

13. Ba cheart don údarás inniúil treoracha a chur ar fáil ar a shuíomh gréasáin maidir le conas iarratas a chur isteach ar chead sonracha chun DLT MI a oibriú, lena n-áireofaí na táblaí san Iarscríbhinn.
14. Go háirithe, ba cheart don údarás inniúil a chur in iúl ar a shuíomh gréasáin go bhfuil foirmeacha iarratais comhlánaithe go cuí, fógraí agus aon fhaisnéis bhreise ghaolmhar le cur isteach ar mheán marthanach. Ba cheart d'údarás inniúla a chur in iúl ar a suíomhanna gréasáin cibé an bhfuil foirmeacha iarratais comhlánaithe go cuí, fógraí agus aon fhaisnéis bhreise ghaolmhar le cur isteach ar pháipéar, go leictreonach, nó sa dá cheann.
15. Chun críocha na dtreoirlínte seo, ciallaíonn 'meán marthanach' aon ionstraim lena gcumasaítear faisnéis a stóráil ar bhealach atá inrochtana le haghaidh tagartha sa todhchaí ar feadh tréimhse ama atá leordhóthanach chun críocha na faisnéise agus a cheadaíonn atáirgeadh gan athrú ar an bhfaisnéis a stóráiltear.
16. Ba cheart don údarás inniúil na teangacha is féidir a úsáid chun an teimpléad a chomhlánú a chur in iúl ar a shuíomh ghréasáin. Ós rud é go bhféadfadh go mbeadh baint ag údarás iolracha le measúnú na n-iarratas, féadfaidh an t-údarás inniúil a mholadh don iarratasóir an fhaisnéis chéanna a thíolacadh i dteanga is gnách i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.
17. Ba cheart don údarás inniúil pointe teagmhála a shonrú freisin chun an fhaisnéis uile a fhaightear ó aon iarratasóir a lorgaíonn cead chun DLT MI a oibriú a láimhseáil. Ba cheart sonraí teagmhála an phointe teagmhála ainmnithe a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil.

Treoirlíne 2: Iarratas a chur faoi bhráid an údarás inniúil

18. Agus iarratas á dhéanamh ar chead sonracha chun DLT MI a oibriú, ba cheart do gach iarratasóir an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don údarás inniúil:
 - a. Tábla 1 den Iarscríbhinn: Faisnéis ghinearálta maidir leis an iarratasóir; agus
 - b. Tábla 2 den Iarscríbhinn: Faisnéis ghinearálta le cur san áireamh in iarratas ar chead chun DLT MTF, DLT SS nó DLT TSS a oibriú.
19. Ag brath ar stádas rialála an iarratasóra agus ar chineál an iarraidh iarratais, ba cheart Tábla 3 agus/nó Tábla 4 den Iarscríbhinn a sholáthar, mar a leanas:
 - a. I gcás ina bhfuil nó go bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir a bheith údaraithe mar ghnólacht infheistíochta nó chun margadh rialáilte a oibriú faoi Threoir

2014/65/AE agus go bhfuil sé beartaithe aige DLT MTF nó DLT TSS a oibriú, ba cheart go soláthródh sé an fhaisnéis thíos:

Cead á lorg	Faisnéis le cur ar fáil
1 - Cead chun DLT MTF a oibriú i gcomhréir le hAirteagal 8(1) nó 8(2) de Rialachán (AE) 2022/858	Maidir le hiarratas/iarratais ar dhíolúine a ghabhann le Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/858: Tábla 3
2 - Cead chun DLT TSS a oibriú i gcomhréir le hAirteagal 10(1) nó Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2022/858	Maidir le hiarratas ar dhíolúine ar Threoir 2014/65/AE agus ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/858: Tábla 3 Maidir le hiarratas ar dhíolúine ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 faoi Airteagal 5 Rialachán (AE) 2022/858: Tábla 4:

- b. I gcás ina bhfuil nó go bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir a bheith údaraithe mar CSD faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus go bhfuil sé beartaithe aige SS DLT nó TSS DLT a oibriú, ba cheart go soláthródh sé an fhaisnéis thíos:

Cead á lorg	Faisnéis le cur ar fáil
1 - Cead chun DLT SS a oibriú i gcomhréir le hAirteagal 9(1) nó 9(2) de Rialachán (AE) 2022/858	Maidir le hiarratas ar dhíolúine ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 faoi Airteagal 5 Rialachán (AE) 2022/858: Tábla 4:
2 - Cead chun DLT TSS a oibriú i gcomhréir le hAirteagal 10(1) nó Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2022/858	Maidir le hiarratas ar dhíolúine ar Threoir 2014/65/AE agus ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/858: Tábla 3 Maidir le hiarratas ar dhíolúine ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 faoi Airteagal 5 Rialachán (AE) 2022/858: Tábla 4:

20. I gcás gach doiciméid atá liostaithe i dTáblaí 2, 3 nó 4 ba cheart don iarratasóir an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a shainiú:
- uimhir thagartha uathúil gach doiciméid;
 - teideal gach doiciméid;
 - caibidil, rannán nó leathanach gach doiciméid ina gcuirtear an fhaisnéis ábhartha ar fáil.
21. I gcás inar gá sin chun a sheachaint an fhaisnéis chéanna nó an doiciméad céanna a chur isteach faoi dhó, ba cheart d'iarratasóirí crostagairt a dhéanamh don fhaisnéis ábhartha nó don doiciméad a cuireadh isteach faoi chuid eile dá gcomhad iarratais.
22. Nuair a mheasann an t-iarratasóir go bhfuil faisnéis sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le soláthar faoi Tábla 2, Tábla 3 nó Tábla 4 ábhartha chun críocha an cheada sonracha, féadfaidh an t-iarratasóir doiciméid shonracha breise a chur isteach.

VI. Iarscríbhinn leis na Treoirínte

Tábla 1

Faisnéis ghinearálta

Cineál na faisnéise	Formáid
An dáta iarratais	Dáta ISO 8601 san fhoráid BBBB-MM-LL
Aitheantas an iarratasóra	
Ainm corparáideach an iarratasóra	Téacs saor
Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh an iarratasóra	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) ISO 17442, cód ina bhfuil 20 carachtar alfa-uimhriúla
deighleog MIC (infheidhme maidir le DLT MTF nó DLT TSS)	Aitheantóir margaidh mar atá sainmhínithe in ISO 10383
Seoladh cláraithe an iarratasóra	Téacs saor
Sonraí teagmhála an duine ag an iarratasóir atá freagrach as an iarratas	Ainm: Feidhm: Uimhir theileafóin: Seoladh ríomhphoist:
Aitheantas an iarratais	
Cineál an iarratais	<p><i>Cuir tic sa bhosca ábhartha.</i></p> <p>Cead tosaigh chun:</p> <ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> DLT MTF faoi Airteagal 8(1) nó 8(2) de DLTR a oibriú <input type="checkbox"/> DLT SS faoi Airteagal 9(1) nó 9(2) de DLTR a oibriú <input type="checkbox"/> DLT TSS faoi Airteagal 10(1) nó 10(2) de DLTR a oibriú <p><input type="checkbox"/> Athrú ar chead chun DLT MI a oibriú mar gheall ar athrú ábhartha ar fheidhmiú, ar sheirbhísí nó ar ghníomhaíochtaí DLT faoi Airteagail 8(13), 9(13) agus 10(13) de DLTR</p> <p>Raon feidhme an údaraithe:</p>

	Dáta:
I gcás ina bhfuil sé faighte ag an iarratasóir cheana féin, údarú faoi Threoir 2014/65/AE nó faoi Rialachán (AE) 909/2014	<p><i>Cuir tic sa bhosca ábhartha.</i></p> <p><input type="checkbox"/> Gnólacht infheistíochta faoi Threoir 2014/65/AE I gcás ina bhfuil sé ar fáil, tagairt an údaraithe: Dáta:</p> <p><input type="checkbox"/> Rannpháirtí sa mhargadh faoi Threoir 2014/65/AE I gcás ina bhfuil sé ar fáil, tagairt an údaraithe: Dáta:</p> <p><input type="checkbox"/> CSD faoi Rialachán (AE) 909/2014 I gcás ina bhfuil sé ar fáil, tagairt an údaraithe: Dáta:</p> <p><input type="checkbox"/> Ceachtar díobh sin thuas.</p>
Ionaid trádála nó SSS a oibríonn an t-iarratasóir nó a bheartaíonn sé a oibriú (nuair is infheidhme)	<p><i>Cuir tic sa bhosca cuí agus athdhéan na hiontrálacha (ainm agus MIC) nuair a bhíonn níos mó ná TV amháin in aghaidh an chineáil á fheidhmiú ag an iarratasóir</i></p> <p><input type="checkbox"/> MTF Ainm an MTF/MIC:</p> <p><input type="checkbox"/> Margadh Rialáilte Ainm an mhargaidh rialaithe/MIC:</p> <p><input type="checkbox"/> OTF Ainm an OTF/MIC:</p> <p><input type="checkbox"/> Córas socraíochta urrús (SSS) Ainm an SSS:</p>

<p>Iarratas comhuaineach faoi Threoir 2014/65/AE nó faoi Rialachán (AE) 909/2014</p>	<p><i>Cuir tic sa bhosca ábhartha</i></p> <p><input type="checkbox"/> Gnólacht infheistíochta faoi Threoir 2014/65/AE</p> <p>I gcás ina bhfuil sé ar fáil, uimhir thagartha an iarratais: Dáta an tÍolactha:</p> <p><input type="checkbox"/> Rannpháirtí margaidh faoi Threoir 2014/65/AE</p> <p>I gcás ina bhfuil sé ar fáil, tagairt den iarratas: Dáta:</p> <p><input type="checkbox"/> CSD faoi Rialachán (AE) 909/2014</p> <p>I gcás ina bhfuil sé ar fáil, uimhir thagartha an iarratais: Dáta an tÍolactha:</p> <p><input type="checkbox"/> Ceachtar díobh sin thuas.</p>
<p>Liosta doiciméad agus iarscríbhinní curtha ar fáil</p>	<p><input type="checkbox"/> Tábla 1</p> <p><input type="checkbox"/> Tábla 2</p> <p><input type="checkbox"/> Tábla 3</p> <p><input type="checkbox"/> Tábla 4:</p> <p><input type="checkbox"/> Doiciméid eile (tabhair liosta le do thoil)</p>
<p><i>Stádas dlíthiúil an iarratasóra</i></p>	
<p>An meabhrán agus na hairteagail chomhlachais agus doiciméid bhunreachtúla agus reachtúla eile</p>	<p>[uimhir thagartha uathúil an doiciméid/na ndoiciméad]</p>
<p>Sliocht as an gclár tráchtála nó cúirte ábhartha, nó foirmeacha eile d'fhianaise dheimhnithe ar sheoladh dlíthiúil agus ar ghníomhaíocht ghnó an iarratasóra a bheidh bailí ar dháta an iarratais</p>	<p>[uimhir thagartha uathúil an doiciméid/na ndoiciméad]</p>
<p>Cóip de chinneadh an chomhlachta bainistíochta maidir leis an iarratas agus miontuairiscí an chruinnithe inar cheadaigh an comhlacht bainistíochta an comhad iarratais agus a aighneacht</p>	<p>[uimhir thagartha uathúil an doiciméid/na ndoiciméad]</p>

Tábla 2

Faisnéis ar cheart a chur san áireamh in iarratas ar chead chun DLT MTF, DLT SS nó DLT TSS a oibriú

Faisnéis le cur faoi bhráid i gcomhréir le hAirteagal 8(4), 9(4) agus 10(4) de Rialachán (AE) 2022/858	Cur síos agus/nó uimhir thagartha uathúil an doiciméid ina bhfuil an fhaisnéis le fáil	Teideal an doiciméid :	Caibidil nó cuid nó leathanach den doiciméad ina gcuirtear an fhaisnéis ar fáil nó an chúis nach gcuirtear an fhaisnéis ar fáil
(a) Plean gnó an iarratasóra, rialacha an DLT MI agus aon téarma dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2022/858			
<i>Plean gnó ina dtugtar cur síos ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir a chuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí a chur i gcrích.</i>			
<i>Cuir faisnéis shonrach ar fáil freisin maidir leis na gnéithe seo a leanas:</i>			
Cur síos ar an bhfoireann riachtanach <i>Ba cheart go gcuimseofaí anseo cur síos ar na baill foirne a mheastar a bheith criticiúil agus ar a ról in aghaidh an fhearainn (TF, rialú inmheánach, bainistíocht riosca srl).</i>			
Cineál na gcliant ar díriodh orthu (stádas, suíomh geografach)			
Cur síos ar na gnéithe teicniúla <i>Ba cheart go n-áireofaí anseo tuairisc mhionsonraithe ar chur chun feidhme teicniúil DLT: bonneagar tacaíochta (córais, líonraí, feidhmchláir srl.), socruithe tríú páirtí lena soláthrófar léaráidí líonra agus sreafa sonraí freisin. Má tá aon cheann díobh sin néalbhunaithe, ba cheart go n-</i>			

<i>áireofaí ann freisin faisnéis shonrach i gcomhréir le treoirlínte néalríomhaireachta ESMA¹.</i>			
Cur síos ar úsáid an DLT ina dtugtar sonraí faoin oibríocht ar thaobh an úsáideora agus taobh na n-oibreoirí (e.g. conas agus cén cuspóir a úsáidtear an córas; an toradh / buntáistí a bhfuiltear ag súil leis d'úsáideoirí; conas a nascann na húsáideoirí leis an gcóras)			
Faisnéis ábhartha eile más infheidhme			
<i>Rialacha lena sainítear cearta, oibleagáidí, freagrachtaí agus dlíteanais oibreora an DLT MI, mar aon leo siúd de rannpháirtithe, d'eisitheoirí agus/nó de chliaint a úsáideann an DLT MI lena mbaineann</i>			
<i>Cuir faisnéis shonrach ar fáil freisin maidir leis na gnéithe seo a leanas:</i>			
Critéir le haghaidh rannpháirtíochta			
Dlí rialaithe an DLT MI			
An sásra um réiteach díospóide réamhdhlíthíochta			
Aon bheart cosanta dócmhainneachta faoi Threoir 98/26/CE			
An dlínse chun caingean dlí a thionscnamh			
Faisnéis ábhartha eile más infheidhme			
(b) Faisnéis maidir le feidhmiú, seirbhísí agus gníomhaíochtaí den DLT MI dá dtagraítear in Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2022/858			

¹ [Tuarascáil deiridh ar Threoirlínte maidir le seachfhoinníú chuig soláthraithe néalsheirbhísí](#), ESMA50-157-2403, 18 Nollaig 2020

<p>Cineál Ionstraimí Airgeadais DLT a thrádáiltear agus/nó a socraíodh</p>	<p>Sonraigh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> scaireanna, mar a thagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2022/858; <input type="checkbox"/> bannaí, cineálacha eile fiachais urrúsaithe nó ionstraimí margaidh airgid, dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2022/858. Más ‘foirm eile d’fhiachas urrúsaithe’, sonraigh le do thoil: <input type="checkbox"/> UCITS, mar a thagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2022/858; 		
<p>An cineál DLT a úsáidtear</p>	<p>Sonraigh le do thoil a phríomhthréithe (ilroghnú ceadaithe):</p> <ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> ceadaithe² <input type="checkbox"/> gan chead³ <input type="checkbox"/> príobháideach⁴ <input type="checkbox"/> poiblí⁵ <input type="checkbox"/> tréithe eile: [sonraigh le do thoil] 		
<p>Cur síos ar an gcaoi a ndéanann na hoibreoírí a gcuid feidhmeanna, seirbhísí agus gníomhaíochtaí (lena n-áirítear cur síos ar shocruithe seachfhoinsithe más ann dóibh)</p>			
<p>Cur síos ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do chliaint</p>			

² Chun críocha na dtreoirlínte seo, ciallaíonn “ceadaithe” líonra DLT nach bhféadfaidh ach rannpháirtithe áirithe feidhmeanna áirithe a chomhlíonadh (e.g. bailíochtú).

³ Chun críocha na dtreoirlínte seo, ciallaíonn “gan chead” líonra ina bhféadfaidh rannpháirtí ar bith aon fheidhm a chomhlíonadh.

⁴ Chun críocha na dtreoirlínte seo, ciallaíonn “príobháideach” líonra DLT nach bhféadfaidh ach rannpháirtithe roghnaithe a bheith páirteach ann.

⁵ Chun críocha na dtreoirlínte seo, ciallaíonn “poiblí” líonra DLT ar féidir le haon duine a bheith páirteach ann.

Cur síos ar an gcaoi a bhfuil feidhmíocht na bhfeidhmeanna, na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí sin éagsúil uathu siúd a dhéanann saoráid trádála iltaobhach nó córas socraíochta urrús nach bhfuil bunaithe ar theicneolaíocht mhórleabhair dáihte			
Más infheidhme, modhúlacht a roghnaíodh chun feidhmeanna, seirbhísí agus gníomhaíochtaí DLT a shainnithint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu siúd a dhéanann saoráid trádála iltaobhach nó córas socraíochta urrús nach bhfuil bunaithe ar theicneolaíocht mhórleabhair dáihte.			
Faisnéis ábhartha eile más infheidhme			
(c) Faisnéis maidir le feidhmiú úsáid den DLT, dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2022/858			
Faisnéis maidir leis na rialacha i leith feidhmiú an DLT a úsáidtear			
Faisnéis maidir leis na rialacha i leith rochtain a fháil ar an mórleabhar dáihte			
Faisnéis maidir leis na rialacha i leith rannpháirtíochta an nóid nó na nód bailíochtaithe			
Faisnéis maidir le próiseas bailíochtaithe na n-idirbheart ar DLT FI			
Faisnéis maidir leis na rialacha lena dtugtar aghaidh ar nó lena dtugtar faoi deara coinbhleachtaí féideartha leasa			
Faisnéis maidir leis na rialacha i leith bainistiú riosca lena n-áirítear aon bheart maolaithe chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú			
Faisnéis ábhartha eile más infheidhme			
(d) Socruithe TF foriomlána agus cibearshocruithe, dá dtagraítear in Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2022/858			

<p>Cur síos ar na rialuithe agus na socruithe atá i bhfeidhm a bhaineann le húsáid DLT agus le húsáid ionstraimí airgeadais DLT agus ar aon sonraí arna stóráil ag na hoibreoírí sin, ar a laghad maidir leis na réimsí seo a leanas:</p> <p>A - Rialachas agus straitéis: socruithe rialaithe inmheánaigh agus rialachais maidir leis na rioscaí TF agus slándála faisnéise, chomh maith leis an straitéis TF agus slándála faisnéise</p> <p>B - Bainistíú riosca TF agus slándála faisnéise – beartais agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun aon riosca TF agus slándála faisnéise a bhaineann le húsáid DLT agus le húsáid ionstraimí airgeadais DLT a shainaithint agus a bhainistiú</p> <p>C - Socruithe agus rialuithe slándála faisnéise curtha chun feidhme chun cosaint, rúndacht, sláine agus infhaighteacht cistí, comhthaobhacht agus ionstraimí airgeadais DLT na gcomhaltaí, na rannpháirtithe, na heisitheoirí cliant a úsáideann an DLT MI, chomh maith leis na modhanna rochtana orthu a áirithiú, lena n-áirítear ar a laghad sna réimsí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> - rialuithe slándála loighciúla (lena n-áirítear leithscaradh dualgas, bainistiú aitheantais agus rochtana, socruithe deighilte loighciúla srl.) - slándáil fhisiciúil - oibríochtaí TF agus slándála faisnéise - Socruithe faireacháin slándála - athbhreithnithe 			
--	--	--	--

<p>slándála, measúnú agus tástáil, oiliúint agus feasacht, agus</p> <ul style="list-style-type: none"> - beartais agus nósanna imeachta bainistithe teagmhais TF agus slándála faisnéise <p>D - Saolré forbartha córais (SDLC), tionscadal TF agus bainistiú athraithe: beartais & nósanna imeachta, rialachais agus socruithe rialaithe</p> <p>E - Bainistiú leanúnachais gnó: beartais agus nósanna imeachta</p> <p>F - Bainistiú riosca tríú páirtí: beartais agus nósanna imeachta, ag féachaint freisin ar threoir a sholáthraíonn ÚEUM (ÚBE/EIOPA, ag brath ar NCA) treoirlínte néalríomhaireachta (i gcás ÚBE: treoirlínte seachfhoinsithe).</p> <p>Nóta: má tá cuid de na socruithe agus rialuithe thuasluaite, nó iad uile, ina gcuid de chóras domhanda um dhearbhu TF agus um shlándáil faisnéise na ngnólachtaí a bhfuil an fhaisnéis curtha faoi bhráid an NCA cheana féin ag an ngnólacht, ba cheart cuireadh a thabhairt don ghnólacht na rialuithe saincheaptha, a cuireadh i bhfeidhm maidir le húsáid ionstraimí airgeadais DLT agus DLT, a chur ar fáil agus aird a tharraingt orthu.</p>			
<p>Faisnéis ábhartha eile más infheidhme</p>			
<p>(e) Socruithe chun cistí, comhthaobhacht nó ionstraimí airgeadais DLT na gcomhaltaí, na rannpháirtithe, na n-eisitheoirí nó na gcliant a thaifeadh agus a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2022/858</p>			

I gcás inarb infheidhme, tuairisc ar shocruithe um shlánchoimeád atá i bhfeidhm chun úsáid na sócmhainní sin ar chuntas an oibreora féin a chosc gan toiliú roimh ré ón gcomhalta, ón rannpháirtí, ón eisitheoir nó ón gcliant lena mbaineann.			
Faisnéis faoi shocraíochtaí um choimeád taifead, agus faoi mhodhanna rochtana maidir le sócmhainní den sórt sin atá i seilbh a DLT MI dá gcomhaltaí, dá rannpháirtithe, dá n-eisitheoirí nó dá gcliant			
Cur síos ar shocruithe leithscartha le haghaidh cistí, comhthaobhachta, nó ionstraimí airgeadais DLT, agus maidir le modhanna chun rochtain a fháil ar shócmhainní den sórt sin, ó shócmhainní sin de chuid an oibreora agus de chuid na gcomhaltaí, rannpháirtithe, eisitheoirí agus na gcliant eile			
Faisnéis ábhartha eile más infheidhme			
(f)Bearta um chosaint infheisteoirí, dá dtagraítear in Airteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2022/858			
Cur síos ar na bearta a bunaíodh chun na ceanglais stuamachta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, i Rialachán (AE) 2019/2033, i dTreoir 2014/65/AE nó i dTreoir (AE) 2019/2034, a chomhlíonadh, chun na dliteanais fhéideartha i leith damáistí do chliant d'oibreoir an DLT MI mar thoradh ar aon cheann de na himthosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2022/858			
Cur síos ar na socruithe lena n-áirithítear cosaint d'infheisteoirí agus léiriú go bhfuil siad trédhearcach agus leordhóthanach			

Cur síos ar na sásraí chun gearáin ó chliant a láimhseáil			
Cur síos ar na nósanna imeachta cúitimh nó sásaimh i gcás caillteanas d'infheisteoir nó scor den ghnó			
Faisnéis ábhartha eile más infheidhme			
(g) Straitéis aistrithe			
Cur síos ar an straitéis aistrithe chun gníomhaíocht de MI DLT a laghdú nó chun aistriú amach as nó scor dá fheidhmiú, dá dtagraítear in Airteagal 7(7) de Rialachán (AE) 2022/858.			
Más infheidhme agus más ann dóibh, cur síos ar na socruithe a tugadh chun críche chun oibríochtaí a ghlacadh ar láimh, dá dtagraítear in Airteagal 7(8) agus in Airteagal 7(9) de Rialachán (AE) 2022/858			

Tábla 3

**Iarratas ar chead chun DLT MTF nó DLT TSS a oibriú:
Díolúintí do Threoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014**

***Sonraí ar cheart a áireamh san iarraidh ar dhíolúine nó ar dhíolúintí i gcomhréir le
hAirteagal 4(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2022/858***

De réir Airteagal 8(4)(h) de Rialachán (AE) 2022/858, beidh faisnéis san iarratas ar chead sonracha chun DLT MTF a oibriú faoi na díolúintí atá á lorg ag an iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán céanna sin, an t-údar atá le gach díolúine a iarrtar agus aon bheart cúitimh a mholtar agus na bealaí a bhfuil sé beartaithe aige na coinníollacha a ghabhann leis na díolúintí sin a chomhlíonadh.

Féach le do thoil d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/858 le haghaidh na gcoinníollacha sonracha a ghabhann le gach díolúine. De réir Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2022/858, léireoidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas maidir le gach díolúine a iarrtar:

- go bhfuil sé comhréireach leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht mórleabhar dáilte agus go bhfuil údar cuí leis an úsáid sin; agus
- go bhfuil sé teoranta don DLT MTF agus nach ndearnadh é a leathnú chuig aon saoráid trádála iltaobhach eile atá á hoibriú ag an iarratasóir sin.

Ba cheart d'iarratasóirí an fhaisnéis a sholáthar do na NCAanna mar atá sonraithe sa tábla thíos.

Díolúine a iarrtar		Firinníú gairid, bearta cúitimh atá beartaithe (más ann dóibh) agus modhanna trína gcomhlíontar na coinníollacha a ghabhann le díolúintí	Léiriú go bhfuil an díolúine comhréireach agus inchosanta trí úsáid a bhaint as an DLT	Léiriú go bhfuil an díolúine teoranta do DLT MTF agus nach mbaineann sé le haon MTF eile a oibríonn an t-iarratasóir	Uimhir thagartha uathúil an doiciméid, Teideal, Caibidil nó cuid nó leathanach ina gcuirtear an fhaisnéis ar fáil nó an chúis nach gcuirtear an fhaisnéis ar fáil.
Rannpháirtíocht Miondiola Dhíreach Airteagail 53(3) agus 19(2) de Threoir 2014/65/AE	Tá/ Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an riail ghinearálta in MI eile nach DLT é]	[Téacs saor]
Tuairisciú idirbhirt Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014	Tá/ Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an riail ghinearálta in MI eile nach DLT é]	[Téacs saor]

Tábla 4:

**Iarratas ar chead chun DLT SS nó DLT TSS a oibriú:
Díolúine/díolúintí ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014**

Sonraí ar cheart a áireamh san iarraidh ar dhíolúine nó ar dhíolúintí i gcomhréir le hAirteagal 5(2) go (9) de Rialachán (AE) 2022/858

De réir Airteagal 9(4)(h) de Rialachán (AE) 2022/858, beidh faisnéis san iarratas ar chead sonracha chun DLT SS a oibriú faoi na díolúintí atá á lorg ag an iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán céanna sin, an t-údar atá le gach díolúine a iarrtar agus aon bheart cúitimh a mholtar agus na bealaí a bhfuil sé beartaithe aige na coinníollacha a ghabhann leis na díolúintí sin a chomhlíonadh.

Féach le do thoil d'Airteagal 5(2) go (9) de Rialachán (AE) 2022/858 le haghaidh na gcoinníollacha sonracha a ghabhann le gach díolúine. De réir Airteagal 5(10) de Rialachán (AE) 2022/858 léireoidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas maidir le gach díolúine a iarrtar:

- go bhfuil sé comhréireach leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht mórleabhar dáilte agus go bhfuil údar cuí leis an úsáid sin; agus
- go bhfuil sé teoranta do SS DLT agus nach ndearnadh é a leathnú chuig córas socraíochta urrús atá á oibriú ag an CSD céanna.

Ba cheart d'iarratasóirí an fhaisnéis a sholáthar do na NCAnna mar atá sonraithe sa Tábla thíos.

Díolúine	larrtha	Fírinniú gairid, bearta cúitimh atá beartaithe (más ann dóibh) agus modhanna trína gcomhlíontar na coinníollacha a ghabhann le díolúintí.	Léiriú go bhfuil an díolúine comhréireach , agus inchosanta trí úsáid a bhaint as DLT	Léiriú go bhfuil an díolúine teoranta don DLT SS a bhfuil cead sonrath á lorg ina leith	Uimhir thagartha uathúil an doiciméid, Teideal, Caibidil nó cuid nó leathanach ina gcuirtear an fhaisnéis ar fáil nó an chúis nach gcuirtear an fhaisnéis ar fáil
Foirm dhí-ábharaithe (Airteagal 2(1)(4) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rial ghinearálta in MI eile nach DLT é]	
Orduithe aistrithe (Airteagal 2(1)(9) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rial ghinearálta in MI eile nach DLT é]	
Cuntais urrús (Airteagal 2(1)(28) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rial ghinearálta in MI eile nach DLT é]	
Urrús a thaifeadh i bhfoirm iontrála leabhair (Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rial ghinearálta in MI eile nach DLT é]	
Ionracas na saincheiste (Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rial ghinearálta in MI eile nach DLT é]	
Deighilt sócmhainní (Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rial ghinearálta in MI eile nach DLT é]	

Bearta chun teipeanna socraíochta a chosc (Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rialail ghinearálta in MI eile nach DLT é]</i>	
Bearta chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna socraíochta (Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rialail ghinearálta in MI eile nach DLT é]</i>	
Croisheirbhís a fhoinsiú allamuigh chuig tríú páirtí (Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rialail ghinearálta in MI eile nach DLT é]</i>	
Daoine nádúrtha agus dlítheanacha eile a ligean isteach mar rannpháirtithe Airteagal 2(19) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(5) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rialail ghinearálta in MI eile nach DLT é]</i>	
Ceanglais maidir le rannpháirtíocht (Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rialail ghinearálta in MI eile nach DLT é]</i>	
Trédhearcacht (Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[Téacs saor]</i>	<i>[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an rialail ghinearálta in MI eile nach DLT é]</i>	

Nósanna imeachta cumarsáide le rannpháirtithe agus le bonneagair mhargaidh eile (Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an riail ghinearálta in MI eile nach DLT é]	
Críochnaitheacht socraíochta (Airteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(7) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an riail ghinearálta in MI eile nach DLT é]	
Socraíocht in airgead tirim (Airteagal 40 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(8) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an riail ghinearálta in MI eile nach DLT é]	
Rochtain chaighdeánach ar nasc (Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(9) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an riail ghinearálta in MI eile nach DLT é]	
Rochtain ar nasc saincheaptha (Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(9) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an riail ghinearálta in MI eile nach DLT é]	
Rochtain idir CSD agus bonneagar margaidh eile (Airteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014) Airteagal 5(9) de Rialachán (AE) 2022/858	<input type="checkbox"/> Tá/ <input type="checkbox"/> Níl	[Téacs saor]	[Téacs saor]	[téacs saor/fianaise go bhfuil feidhm ag an riail ghinearálta in MI eile nach DLT é]	